M 7

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2003***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 1

170 MARC

**Déardaoin**
**5 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.*

### **A** –AISTE– 100 marc

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Ní hionann saibhreas agus sonas.
(b) Reiligiún i saol an lae inniu: is minic a bhíonn polaitíocht chomh maith le creideamh i gceist.
(c) Easpa cothromaíochta i ndáileadh an rachmais is cúis le mórchuid fadhbanna sóisialta.

### **B** –SCÉAL– 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) *Glacann fear críonna comhairle.*
(b) Caimiléireacht.

### **C** –ALT NUACHTÁIN/IRISE– 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Rinne tú suirbhé i measc do chomhscoláirí ar chaighdeán, ar éifeacht (tionchar) agus ar chineál na gclár teilifíse a bhféachann daoine óga orthu.

Scríobh an tALT a chuirfeá chuig nuachtán Gaeilge faoinar léiríodh sa suirbhé.

(b) Bhí comórtas i nuachtán Gaeilge ag lorg alt ar an ábhar seo a leanas:

*Bíonn cúrsaí na Gaeilge agus na Gaeltachta rómhinic mar ábhar i bhfoilseacháin áirithe Gaeilge.*

Scríobh an tALT a chuirfeá isteach ar an gcomórtas.

### **D** –DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID– 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh an CHAINT a dhéanfá - i ndíospóireacht scoile - ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas:

*Is mó go mór a bhfuil de bhuntáistí ná de mhíbhuntáistí ag baint leis an idirlíon.*

(b) Iarradh ort CAINT a thabhairt sa rang Gaeilge ar an téama seo:

*Na fadhbanna a bhíonn ag seandaoine i láthair na huaire*.

Scríobh an CHAINT a thabharfá ar an téama sin.

# Ceist 2

LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall) ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.


**A** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

# Teangacha i mbaol a gcaillte

**1.** Faoi dheireadh na haoise seo, is é is dóichí ná a mhalairt ná nach mbeidh tásc ná tuairisc ar leath de na 5,000 teanga atá á labhairt ar fud na cruinne inniu. Imíonn teanga amháin as úsáid in aghaidh na coicíse! Níl ansin ach cuid de na staitisticí duairce atá i leabhar nua an staraí shóisialta, Andrew Dalby. Saothar is ea *Language in Danger* a chuirfidh creathanna fuachta faoi dhaoine ar cás leo todhchaí na mionteangacha (teangacha mionlaigh). Maíonn Dalby go bhfuil leath de mhuintir an domhain ag foghlaim ceann éigin de na 11 phríomhtheanga chumarsáide dhomhanda faoi láthair. Is é an Béarla an ceann is treise agus is gasta fás agus measann an t-údar go bhfuil Béarla líofa ag 700 milliún duine agus go bhfuil eolas maith ag 1,800 milliún eile air.

**2.** Cad is cúis le bás teanga? Go minic, is amhlaidh a dhéanann glúin, nó glúine, áirithe cinneadh – go feasach nó go neamhfheasach – gur mhian leo go labhródh a gcuid páistí teanga a bhfeictear dóibh "stádas" a bheith ag baint léi: teanga an tromlaigh sa stát nó teanga na huasaicme, de ghnáth. Uaireanta, bíonn cúis i bhfad níos urchóidí le bás teanga: díothú an chine a labhraíonn í mar a tharla i gcás treibheanna Indiacha i Meiriceá, Thuaidh, Láir agus Theas. Meastar go raibh breis is 90 teanga beo i gCalifornia go luath sa naoú haois déag ach níl ach dornán beag acu á labhairt anois – a bhformhór ag seanóirí i dtithe altranais. B'fhéidir gurb é an eiseamláir is uafásaí agus is truamhéalaí de seo ná an gortghlanadh ciníoch – "glanadh eitneach" i dtéarmaíocht an lae inniu – a rinneadh ar phobail dhúchasacha na Tasmáine, oileán taobh thoir theas den Astráil, sa naoú haois déag.




**3.** Bíonn deireadh i ndán do theanga, dar le Dalby, nuair nach mbíonn fágtha mar chéile comhrá ag cainteoir ach teangeolaí maoithneach le téipthaifeadán! Ach nach bhfuil a leithéid de rud agus sochaí dhátheangach ann? Tá agus bhí riamh. Ach ní gnách go maireann dhá theanga ar comhchéim le hais a chéile san fhadtréimhse: diaidh ar ndiaidh faigheann an ceann is láidre agus is forleithne an lámh uachtair ar an gceann eile. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil a chruthú sin ar leac an dorais againn féin i gcás na Gaeilge.

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** *(ar leanúint)* anseo thíos ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A** *ar leanúint* 35 mharc

**4.** Ina dhiaidh sin is uile, is fíor go maireann teangacha, uaireanta, i gcúinsí mífhabhracha. San Fhionlainn, fad is a bhí an tSualainn (anuas go dtí 1809) agus an Rúis (go dtí 1917) i gceannas na tíre, ba í an Fhionlannais teanga na cosmhuintire – teanga tuathánach bocht agus daoine eile a bhí go minic gan acmhainn, gan seilbh, gan chumhacht – agus Sualannais nó Rúisis mar theanga riaracháin. Anois, cé go bhfuil aitheantas oifigiúil ag an tSualannais, is í an Fhionlannais teanga dhúchais breis is 90% den daonra. Maidir leis an Rúisis, ní chloistear á labhairt san Fhionlainn anois í ach ag cuairteoirí nó ag turasóirí de bhunadh na Rúise féin nó seanAontas na Sóivéide.

**5.** Ina theannta sin, is dealraitheach gur féidir teanga a thabhairt ar ais ó bhruach na huaighe nó fiú ón uaigh féin. Is minic an Eabhrais á lua sa chomhthéacs seo ach cás fíoreisceachtúil é cás na hEabhraise. Rinneadh teanga stáit den Eabhrais in Iosrael ar dhá phríomhchúis: ba í teanga eaglaise na nGiúdach í leis na mílte bliain; bhí oiread sin inimirceach Giúdach sa tír, a raibh ollmheascán teangacha acu, nárbh fholáir cinneadh ar theanga chomónta stáit. Cinneadh ar an Eabhrais, cé go raibh roinnt mhaith i bhfabhar na Giúdaise, teanga a bhí á labhairt go forleathan ag Giúdaigh san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Uaireanta, luaitear an rath a bhí ar chur chun cinn na hEabhraise in Iosrael mar eiseamláir i gcás Athbheochan na Gaeilge. Meastar, áfach, nach slán an comórtas é: ní hionann, den chuid is mó, na cúinsí sa dá chás.

(Bunaithe ar alt in *Foinse*)

---

### *Ceisteanna*

(i) Cad a deirtear *sa chéad alt* faoi chailliúint agus faoi ráta cailliúna teangacha? (6 mharc)

(ii) I bhfianaise a bhfuil ráite *sa chéad alt* abair:

(a) cén ghairm bheatha atá ag Andrew Dalby; (2 mharc)

(b) cén fáth a gcuireann a bhfuil á mhaíomh ag Dalby mórimní ar dhaoine ar spéis leo caomhnú teangacha mionlaigh. (3 mharc)

(iii) Luaigh **dhá chúis** a d'fhéadfadh a bheith le bás teanga mionlaigh agus tabhair fianaise chun tacú le **ceann amhaín** acu (*an dara halt*). (9 marc)

(iv) (a) Luaigh **comhartha amháin** a thugann le fios, dar le Dalby, go bhfuil teanga geall le bheith caillte (*an tríú halt*). (3 mharc)

(b) Cén fath a luaitear an Ghaeilge sa *tríú halt?* (6 mharc)

(v) (a) Luaigh **rud amháin** a deirtear *sa cheathrú halt* i dtaobh na Fionlannaise. (3 mharc)

(b) Tabhair **cúis amháin** ar glacadh leis an Eabhrais mar theanga stáit in Iosrael (*an cúigiú halt*). (3 mharc)

LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

## Scéal scanrúil: easpa sábháilteachta ar bhóithre is ar shráideanna

**1.** I litir a foilsíodh in *The Irish Times* um dheireadh Mhí Eanáir na bliana seo bhí a leithéid seo le rá ag an scríbhneoir: "Tar éis roinnt mhaith tiomána a dhéanamh i ndeisceart na tíre le tamall beag anuas, is ar éigean a fhéadaim drochiompar tiománaithe áirthe a thuiscint. Is dealraitheach gur cuma leis na daoine seo béasa sibhialta, pointí pionóis agus na tuairiscí uafara faoi mharú "daoine de dheasca drochthiomána."



**2.** De réir na staitisticí, maraíodh 10 duine sa Phoblacht agus 18 sa Tuaisceart i dtimpistí bóthair sa tréimhse ceithre sheachtain idir 01.01.03 agus 28.01.03. Cad is cúis leis an scéal tragóideach seo? Glactar coitianta leis gur trí bhunchúis faoi deara é: an luas, an t-ól agus faillí i gcaitheamh criosanna sábhála.

**3.** Tá méadú ollmhór tagtha ar líon na bhfeithiclí ar na bóithre – go háirithe, na príomhbhóithre náisiúnta – le fiche éigin bliain anuas. Is mar an gcéanna an scéal sna cathracha agus sna bruachbhailte: an iomarca tráchta nua-aimseartha agus gréasán bóithre seanaimseartha. Sna cathracha agus sna bruachbhailte is minic gluaisteáin á ngoid agus á dtiomáint gan aird dá laghad ar an tsábháilteacht. Daoine óga díomhaoine sna cathracha, den chuid is mó, a dhéanann é seo mar "spórt" nó mar chaitheamh aimsire, mar dhea! Nuair a thugtar na coirpigh seo os comhair cúirte gearrtar téarma coimeádta nó príosúnachta orthu. Is minic, ámh, a bhíonn siad saor lom láithreach toisc gan ionad oiriúnach coimeádta a bheith ar fáil d'ógánaigh dá n-aois.




**4.** Gné eile atá ag tarraingt suntais, maidir le hiompar tiománaithe, ná easpa foighne. Tarlaíonn, uaireanta, nuair a bhíonn tiománaí teanntaithe i dtranglam tráchta go mbristear ar an bhfoighne aige, go dtagann taom buile feirge air agus go dtugann faoi thiománaí eile – duine mall os a chomhair amach ag soilse tráchta b'fhéidir, nó duine dearmadach a choscfadh air bogadh isteach sa bhosca buí. Tarlaíonn a leithéid chéanna i gcás paisinéirí ar thurasanna eitléain. Is léir, sna cásanna sin áfach, go mbíonn éifeacht na dí meisciúla – an iomarca a bheith ólta ag an bpaisinéir – go mór i gceist go minic.

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** *(ar leanúint)* anseo thíos.


**B** *ar leanúint* 35 mharc




**5.** I gcás tiománaithe gluaisrothar, deirtear gur minic a ghabhann siad, ar luas tapa, thar ghluaisteáin agus leoraithe agus iad ar an taobh mícheart de na línte leanúnacha bána i lár an bhóthair. Tuairimítear chomh maith gurb iad lucht na ngluaisrothar an dream is lú a thugann aird ar fhógraí rabhaidh ar nós NÁ SCOITEAR agus CEANSÚ TRÁCHTA. Cibé scéal ina thaobh sin é, is annamh riamh a d'fheicfeá duine ar ghluaisrothar nach mbeadh clogad cosanta á chaitheamh aige nó aici. Ní hamhlaidh atá ag an-chuid díobh siúd a bhíonn ag rothaíocht ar rothair troitheán. Maítear ina dtaobh seo nach gcaitheann ach an duine fánach clogad cosanta; nach bhfanann siad le "glas" ag soilse tráchta; go dtéann siad amach istoíche gan solas tosaigh ná cúil ar na rothair; nach gcaitheann siad feisteas sofheicthe ná criosanna lonracha.

**6.** Cad faoi na coisithe – iadsan a thugann faoi aistear (fada nó gairid) de shiúl cos? Arís, níl iompar mórán acu thar moladh beirte: siúlann siad ar an taobh clé den bhóthar in éagmais cosáin; níl siad sásta dul go dtí na soilse tráchta is cóngaraí chun dul trasna an bhóthair; siúlann siad trasna bóithre go mall, cliathánach agus caitheann siad éadaí dofheicthe i ndorchacht tráthnóna is oíche.

**7.** Luaitear dhá chúis eile le timpistí tráchta: staid na mbóithre agus bail na bhfeithiclí. Maidir leis na bóithre, is fíor go bhfuil cuid acu – go háirithe na cúlbhóithre – gan a bheith oiriúnach do riachtanais tráchta an lae inniu. I gcás na bhfeithiclí – go speisialta cinn a ceannaíodh mar "mhargadh" ar athláimh, nó go mídhlíthiúil, nó cinn nach ndearnadh seirbhísiú mar ba chóir orthu – ní hannamh, nuair a dhéantar iniúchadh orthu, go bhfaightear amach nach mbíonn na soilse ag feidhmiú i gceart, go mbíonn na coscáin agus an córas stiúrtha fabhtach agus go mbíonn na boinn lomchaite.




(Bunaithe ar litir in *The Irish Times*)

---

### *Ceisteanna*

(i) (a) Luaigh **rud amháin** atá le rá ag scríbhneoir na litreach (*an chéad alt*) faoi dhrochiompar tiománaithe áirithe. (2 mharc)

(b) Cad iad na cúiseanna, de réir *an dara halt*, is mó is cúis le timpistí bóthair? (6 mharc)

(ii) (a) De réir *an tríú halt*, cén chosúlacht atá idir na bealaí taistil faoin tuath agus sna cathracha? (2 mharc)

(b) Luaigh **trí rud** a deirtear *sa tríú halt* faoi ghadaíocht gluaisteán. (6 mharc)

(iii) Cén fáth a luaitear "paisinéirí ar thurasanna eitleáin" *sa cheathrú halt*? (6 mharc)

(iv) (a) Luaigh **rud amháin** a deirtear faoi iompar tiománaithe gluaisrothar agus **rud amháin** a deirtear fúthu siúd "a bhíonn ag rothaíocht ar rothair troitheán" (*an cúigiú halt*). (4 mharc)

(b) Luaigh **dhá rud** a deirtear *sa séú halt* faoi iompar coisithe. (4 mharc)

(v) Cad a deirtear *sa seachtú halt* faoi fheithiclí dainséaracha? (5 mharc)

Leathanach Bán